Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Feabhra 2023**
**(OR. en)**

**6409/23**

**SOC 105**
**EMPL 66**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhalta amháin den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe don Eastóin |

1. Leis an gCinneadh uaithi an 20 Meán Fómhair[1] agus an 25 Deireadh Fómhair 2022[2], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe. Fágadh, áfach, go raibh comhaltaí agus comhaltaí malartacha áirithe fós le ceapadh tráth is faide anonn.

2. Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saorghluaiseacht oibrithe laistigh den Aontas[3], agus go háirithe Airteagail 23 agus 24 de, ceapann an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha ar feadh tréimhse 2 bhliain.

---

[1] Cinneadh ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2022 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe (IO C 393, 13.10.2022, lch. 5).

[2] Cinneadh ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2022 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe don Chipir, don Chróit, don Danmhairg, don Ghearmáin, don Ghréig, don Iodáil, do Lucsamburg, do Mhálta agus don Phortaingéil (IO C 481, 19.12.2022, lch. 1).

[3] IO L 141, 27.5.2011, lch. 1.

3. Tá ainmniúchán comhalta amháin don Eastóin, den Choiste Chomhairleach athnuaite, faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle, mar a leagtar amach sa dréachtchinneadh ón gComhairle in 6408/23 é[4].

4. D'fhéadfadh Coiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

   (a) an Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta amháin den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe don Eastóin a ghlacadh mar mhír 'A', agus

   (b) a chinneadh go bhfoilseofar an Cinneadh mar fhaisnéis in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[4] Tá an téacs á thabhairt chun críche ag na saineolaithe dlí agus teanga.